

❖ An Lúibín ❖

30 Meitheamh 2009

Deireadh nuachtáin

It seems that Foinse, the only remaining Irish-language paper, has met its end. Offers will shortly be sought for its replacement.

De réir an scéala is déanaí, tá deireadh anois leis an nuachtán *Foinse*. Foilsíodh an t-eagrán deireanach an deireadh seachtaine seo caite, rud a fhágann nach bhfuil aon nuachtán ann anois a thagann amach trí Ghaeilge. Bliain ó shin bhí dhá cheann díobh ann.

Móinéar Teoranta a d'fhoilsigh *Foinse*, agus bhí airgead á chailliúnt aige ó Mhí Mheán Fómhair 2008 i leith. Bhí deontas á fháil ó Fhoras na Gaeilge chun an nuachtán a chothú, agus thairg an Foras conradh nua ab fhiú €355,000 in aghaidh na bliana, nó €1.42 milliún ar feadh théarma ceithre bliana an chonartha, ardú 16.3% ar an seanchonradh. Sin ardú bliantúil de €58,000 nó €6,826 in aghaidh an eagráin, ach ba dhóigh le Móinéar Teoranta nár leor é chun an dé a choinneáil sa ghnó.

Deir Foras na Gaeilge go bhfuil gá le nuachtán seachtainiúil Gaeilge fós. Is dócha go mbeidh siad ag iarraidh tairiscintí chun nuachtán nua a fhoilsiú, agus deirtear gur mhaith lena lán dreamanna tabhairt faoi. Beidh orthu na gnáthdheacrachtaí a shárú: easpa léitheoirí, deacrachtaí dáiliúcháin, agus na fadhbanna a bhaineann le sparán neamhtheann. Idir an dá linn, beidh nuacht na Gaeilge le léamh ar chorrstuíomh ar an Idirlíon.



Fiontraíocht

Business is being done through Irish, and there are prizes to prove it.

Ní féidir leis an nGaeilge teacht slán mura ndéantar gnó tríthi, agus anois is féidir le fiontraithe na teanga cur isteach ar an nGradam Barr-Chaoga do Ghnó le Gaeilge. Is í an bhliain 2009 an ceathrú bliain a bronnadh an duais, agus baint aici leis an méid a leanas - seirbhísí gairmiúla, teicneolaíocht, na healaíona, na meáin, miondíoltóireacht, lónadóireacht agus an earnáil phoiblí.

Gradaim Speisialta Gnóthachtála:

- Optinnet* a chuireann seirbhísí bogearraí ar fail dona príomheagrais Ghaeilge.
- Comhairle an Lúir agus Mhúrn* as an nGaeilge a úsáid san earnáil phoiblí.
- Cultúrlann Uí Chanáin*, áras cultúrtha atá á thógáil i nDoire Cholm Cille.
- Éilis Bairéad*, bainisteoir Aerphort Dhún na nGall.
- Beirt a ghnóthaigh an Gradam Margaíochta - Siobhán Uí Scannláin agus Bill Scanlon, *Fabraic Fíor Álainn/The Fabulous Fabric Company*, Co Chorcaí, comhlacht deartha agus fabraice.
- Samsung Ireland* a ghnóthaigh Gradam Gnó na Bliana as an Tocca a lánseáil anuraidh, an chéad ghuthán póca a bhfuil téacs Gaeilge leis.

Níl sa mhéid seo ach tús oibre, is cosúil, ó ní fheicfead a rian ar an saol i gceart go dtí go mbeidh saghas dlúthpobal Gaeilge ann sna cathracha agus deis ag lucht gnó dá réir airgead mór a dhéanamh tríd an teanga (agus as an teanga, uaireanta). I bhfianaise an bhorrtha atá faoin ngaelscolaíocht agus eile, bheadh súil agat go mbeadh an pobal úd ann i gceann glúine nó dhó: ní fhaightear saill gan saothar. Beidh a fhios agat go bhfuil an teanga sábháilte in

Éirinn nuair is féidir leat rud ar bith a cheannach san ollmhargadh áitiúil i nGaeilge, deoch a cheannach sa phub áitiúil i nGaeilge agus breith gan dua ar scannán Gaeilge. Ní mheathfaidh an Béarla ach beidh an rogha ann.



Foclóir na Nua-Ghaeilge

A body of sources for Irish vocabulary is now available from 1600 to 1882, thanks to the Royal Academy of Ireland; now the hunt is on for sources up to 2000. And in Scotland a consortium of universities is making an historical dictionary of Gaelic.

Níl i dteanga ach focail, agus tá flúirse focal sa teanga seo, rud nár lig Acadamh Ríoga na hÉireann thairis. Eisean atá i mbun *Fhoclóir na Nua-Ghaeilge*, tionscnamh fadtréimhseach a bhfuil sé d'aidhm aige foclóir stairiúil a dhéanamh don tréimhse 1600-2000. Leanann sé an *Dictionary of the Irish Language (1913-1976)*, saothar atá ar fáil ag www.dil.ie.

Ní féidir foclóir a dhéanamh gan foinsí, agus ní foláir na foinsí a lorg i ngach áit, rud is léir ón an bunachair bhibleagrafaíochta atá le feiceáil ag www.fng.ie. Tá bailchríoch curtha ar an tiomsú a rinneadh don tréimhse 1600-1882: annálacha, cáipéisí staire eile, beathaisnéisí, filíocht, próis, fiannaíocht, rómánsaíocht, agus téacsanna creidimh, dlí, leighis, agus réalteolaíochta, in éineacht le beathaí naomh agus aistriúcháin ar litríocht mheánaoiseach na hEorpa. Tá claonadh ann i dtreo cúrsaí creidimh, ach, mar a deir an tAcadamh, bhí an-tábhacht leis an Eaglaise i mbuanú na Gaeilge sa 17ú agus san 18ú haois. Ba é an tOllamh Tomás de Bhaldraithe, a bhí ina Eagarthóir Ghinearálta ar FNG, a roghnaigh formhór na dtéacsanna, agus rinne an Dr Éamonn Ó hÓgáin agus an Dr Caoilfhionn Nic Phóidín an chuid eile den obair.

Táthar ag obair fós ar bhunachar na tréimhse 1882-2000, agus chuile shórt á thiomsú chuige. I bhfocail na foirne, 'gnáthábhar ficsin agus neamhficsin, téacsleabhair scoile, ábhar ón Aontas Eorpach, tuairiscí bliantúla comhlachtaí, etc - ábhar nach dócha go gcuirfeadh scoláirí acadúla na Gaeilge an oiread sin spéise ann, ach atá riachtanach d'fhoclóirithe'. Idir mhionúdair agus mhórúdair atá i gceist.

Maidir le ficsean, baintear feidhm as úrscéalta, as gearrscéalta, as filíocht agus drámaí, idir bhunsaothair agus aistriúcháin, agus as béaloideas chomh maith. Maidir le neamhfhicsean, úsáidtear beathaisnéisí, cuntais stairiúla, leabhair thaighde ar na canúintí, leabhair ar ábhair theicniúla, tuairiscí bliantúla comhlachtaí agus mar sin de.

Tá bunachar eile á tharraingt as ábhar sna nuachtáin, i ráitis nuachta, agus sna tréimhseacháin, idir irisí do lucht léinn agus don phobal i gcoitinne.

Tá tuilleadh eolais faoin scéal le fáil ar an CD-ROM, *Corpas na Gaeilge, 1600-1882, the Irish Language Corpus*. Tuilleadh eolais ó fng@ria.ie.

Tá foclóir stairiúil Gàidhlig ar na bacáin chomh maith, agus lámh san obair ag ollscoil Obar Dhéathain, ag Ollscoil Dhún Éideann, ag Ollscoil Ghlaschú, ag Ollscoil Shraith Chluaidh agus ag Sabhal Mór Ostaig. Is aisteach an rud é go bhfuil *Dictionary of the Older Scottish Tongue* agus *Scottish National Dictionary* ann (in Albais, teanga Dunbar agus Burns) agus nach bhfuil fáil go fóill ar a leithéid i nGàidhlig. Foilsíodh an bheirt eile úd ar an Idirlíon, agus foilseofar Faclair na Gàidhlig ar an dóigh chéanna.

Bainfear feidhm as gach téacs atá le fáil, ó na cinn is luaithe go dtí na cinn is deireanaí, agus Gàidhlig á cur i gcomórtas le Gaeilge agus le hAlbais. Tabharfar léargas ar a thábhachtaí atá Gàidhlig i stair theangeolaíoch na tíre. Féach www.faclair.ac.uk.

Mura bhfuil i dteanga ach focail, is beag rud is tábhachtaí ná iad; maireann siad i ndiaidh na duine agus tugann leo a ndúirt agus ar smaoinigh an cine daonna. Tá teangacha na nGael i mbéal a slánaithe, más fíor; buailfidh na foclóirí stairiúla séala ar an ngnó.



Na Gaeil i mButte

When the Irish went west, they tended to go to Butte, Montana, city of silver, gold and copper. They brought the language with them.

Is leathan an stát é Montana agus é ar bheagán daoine – níos lú ná milliún duine. De shliocht na nGael timpeall 30% den phobal agus cúis leis – an oiread sin Éireannach a theacht ar lorg oibre ann sa 19ú haois. Bhí Gaeilge ó dhúchas ag a bhformhór, agus tá a rian sin ar an áit go fóill.

Tháinig lonnaitheoirí isteach i Montana ina sluaite tar éis Chogadh na gCarad, agus iad ag éileamh talaimh nó oibre. Bhí a lán treibheanna Indiacha ann, dream a rinne a ndícheall a ndúchas a chosaint ar na heachtrannaigh. (Tá a lán caomhnuithe Indiacha fós ann, cé go bhfuil na teangacha i mbaol.) Is beag aird a thug formhór na lonnaitheoirí ar chearta an chéad chine, ach rinne cuid de na hÉireannaigh imeascadh leis na bIndiagh. As sin a fáisceadh na Méti, dream de phór na mbundúchasach agus de lucht labhartha Gaeilge.

Bhí baint mhór ag na hÉireannaigh le tógáil Butte, cathair mhór thionsclaíoch an Iarthair, agus í suite ar na Sléibhte Garbha (na *Rockies*). Ba í an mhianadóireacht príomhghnó Montana, agus tarraingíodh oibrithe as gach cearn - Éire, an Breatain Bheag, Sasana, Ceanada, an Liobáin, an Fhionnlainn, an Ostair, an tSeirb, Mointainéagró, an Chróit, an Iodáil, an tSín, an tSiria, Meicsiceo agus gach taobh de na Stáit.

I ndeireadh an 19ú haois bhí an-éileamh ar chopair de bharr úsáid an leictreachais go háirithe. Chuaigh roinnt toicí i ngleic le chéile chun greim a fháil ar shaibhreas na mianach, agus d'éirigh le Marcas Ó Dálaigh, cainteoir dúchais (más fíor) as Contae an Chabháin, a chion féin a thabhairt leis, é á iompar féin mar phátrún as an seansaol agus lé aige lena chineál féin, na Gaeil. D'íocadh sé airgead maith, rud a choinníodh na hoibrithe suaimhneach; a mhalairt de scéal a bhí ann tar éis na bliana 1917, nuair a tháinig máistrí nua a isteach agus a thosaigh na stailceanna. Ina dhiaidh sin bhí ainm an achrainn ar an áit. I gceann dhá scór blianta tháinig tochairt na claise oscailte, agus b' in deireadh an ratha.

Mar a luadh thuas, ní raibh sna hÉireannaigh ach cuid de phobal measctha, ach bhí mórán díobh ann – 26% sa bhliain 1900, 8,026 duine as 30,420, agus an chuid ba mhó díobh ina mianadóirí. Bhí an chuid eile ina n-innealtóirí, ina síúinéirí, ina lucht caidéalaithe, ina ngaibhne agus mar sin de.

B'as Contae Chorcaí dá bhformhór, mar is léir ó na sloinnte atá le fáil ar na heolairí cathrach sna blianta 1886, 1892, 1899, 1902, 1908 agus 1914, agus fágann sin go mbeadh Gaeilge ag neart díobh, gan trácht ar a raibh den teanga ag daoine ó chontaethe eile. Bhí sé de bhuntáiste ag na Corcaigh i mButte go raibh taithí acu ar an mianadóireacht sa bhaile. Chuir an Dálach óstán ar bun le haghaidh nuíosach, áit a dtugtaí 'An Long Mhór' uirthi agus ar chainteoirí dúchais iad a lán den fhoireann. Bhí doicheall éigin roimh na hÉireannaigh sa phobal mór, mar sin féin; thugtaí 'savages' agus 'harps' orthu, ach sheas siad an fód.

B'fhéidir go raibh roinnt cainteoirí dúchais freisin i measc na mban a bhí le fáil sa cheantar meirdreachais – ceantar mór a raibh tarraingt na mianadóirí ann agus an oiread sin acu gan phósadh. Bhí dúil san ól ag mórán fear agus tithe a roinnte ann; dá bhféachfadh na fir úd

amach d'fheicfidís fásach tionsclaíoch – ceartaí bruithnithe, crainn thógála agus deatach géar buí. Ach bhí saol eile ann freisin, saol an dteaghlach agus na n-eagraíochtaí cultúrtha agus polaitiúla. Sin rud a mheall ceannairí náisiúnaíocha ó Éirinn agus iad ag siúl na Stát ag iarraidh airgid, leithéidí Dhubhghlais de hÍde agus Éamoinn de Valéra; fuair siad pobal rompu i mButte ar chuimhin leo Éire fós i gcúrsaí teanga, ceoil, peile agus nuachta. Bhí gráin éigin ar Shasana; nuair a thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda lig daoine amach a racht chomh géar sin ar son na Gearmáine gur cuireadh dlí míleata i bhfeidhm.

Ní nach ionadh, bhí an Eaglais láidir i Montana, agus ba iad na sagairt i mButte agus in Anaconda, cathair bhéal dorais, a bhunaigh scoileanna Caitliceacha ar fud an stáit. Tháinig aicme oilte Gael-Mheiriceánach ar an bhfód, dream a bhí dílis dá chéile agus a chuidigh le leagan Meiriceánach den chultúr Gaelach a chothú i Butte, Anaconda, Missoula, Helena agus Great Falls.

Bhí suim éigin riamh sa teanga, agus sa bhliain 1997 bunaíodh *The Montana Gaelic Cultural Society*, cumann a chuir roimhe Gaeilge a chur á múineadh go rianúil trí dheirí seachtaine tumoideachais agus trí mhúinteoirí a thabhairt anall ó Éirinn. Spreag an obair seo cuid d'fhoireann Ollscoil Mhontana chun clár Léinn Éireannaigh a bhunú: múintear Gaeilge ann, déantar staidéar ar dhúchas na hÉireann agus tugtar aird ar leith ar an gcaoi a ndeachaigh na Gael-Mheiriceánaigh i bhfeidhm ar chúrsaí na hÉireann. Tá breis eolais le fáil le fáil ag <http://www.cas.umt.edu/irishstudies>.

Sa bhliain 2008 chuir scata díograiseoirí an suíomh *IrishMontana* ar bun chun Gael-Mheiriceánaigh scaipthe an stáit a thabhairt le chéile agus chun dul i dteagmháil leis an domhan mór: www.irishmontana.com.

Féach:

Emmons, David M., *The Butte Irish: Class and ethnicity in an American mining town, 1875–1925*. Urbana and Chicago: University of Illinois Press, 1989.

Seachtain Thumfhoghlama Ghaeilge

11-10 Iúil 2009

Butte, Montana

Montana Tech i gcomhar le Ollscoil Mhontana, Missoula

Cúrsaí d'fhoghlaimoirí agus do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu cheana. Múinteoirí profisiúnta ar fáil, in éineacht le cúntóirí ó chlár an Léinn Éireannaigh in Ollscoil Montana. Cainteanna ar stair agus litríocht na hÉireann, cuairteanna ar áiteanna suimiúla agus turais tríd an tseanchathair.

Féach

www.irishmontana.com

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.